# Coláiste na bPiarsach

## Nuachtlitir Nollaig 2017






### Oscailt Oifigiúil Síneadh Nua Scoile ag an Aire Gnóthaí Tuaithe agus Achmhainní Nádúrtha, Seán Kyne ar an 15ú Nollaig 2017.



### Oireachtas na Samhna i gCill Áirne

Comhgháirdeachas le **hÉadaoin Ní Mhainín** (2ú bliain) as Gleann Trasna a bhain an chéad áit amach go náisiúnta faoi sé bliana déag i gComórtas Damhsa ar an Sean -nós.

Comhgháirdeachas freisin le **Briocán Bairéad,** iarscoláire de Choláiste na bPiarsach a fuair an 2ú háit i gComórtas Amhránaíochta Sean-Nóis na bhfear.



## Focal ón bPríomhoide

A scoilphobal,

Tá an dara téarma beagnach thart ag an tráth seo agus muid ag druidim i dtreo saoire na Nollag. Mar is iondúil, tá go leor curtha i gcrích ag na scoláirí ó thaobh na foghlamtha agus an spraoi de ó Nuachtlitir na Samhna. Gabhaím buíochas lena múinteoirí a d'eagraigh na himeachtaí éagsúla. Cuireann sé go mór le dea-atmaisféar na scoile agus cuidíonn sé gan dabht leis an bhfoghlaim.

Tréaslaím le na scoláirí ar fad a ghlac páirt i Oireachtas na Samhna i gCill Áirne. Bhí slua mór ón scoil ann agus is mór an chúis bróid iad dá dtuismitheoirí, dá scoil agus dá bpobal. Déanann muid comhghairdeachas ach go h-airíthe le **hEadaoin Ní Mhainín** a bhain amach an chéad áit go náisiúnta faoi sé bliana déag i gComórtas Damhsa ar an Sean-nós. Bhí sé iontach na sluaite a chuir fáilte roimpi agus na h-iomaitheoirí eile a ghlac páirt a fheicéail i nGleann Trasna, Camus agus i Ros Muc. Tréaslaím chomh maith le **Briocán Bairéad**, iarscoláire dá gcuid a bhain amach an dara áit go náisiúnta i gComórtas Amhránaíochta na bhfear.

Mar is eol daoibh, d'oscail an tAire Gnóthaí Tuaithe agus Acmhainní Nádúrtha **Seán Kyne** TD na seomraí nua le gairid. Bhí sé go hálainn tuismitheoirí, scoláirí agus an pobal mórthimpeall a fheicéail ag an ocáid. Is iontach an áis í seo don scoil. Bíonn na gasúir in ann foghlaim i suíomh atá nua-aimeartha agus réitíthe don dul chun cinn. Gabhaím buíochas le chuile dhuine a thug cúnamh le reachtáil na h-ocáide agus freisin arnú tá muid fíor bhuíoch daoibh ar fad a scoláirí agus a thuismitheoirí a thoileann teacht chun na scoile seo.

Bíodh Nollag mhaith agaibh ar fad.

**Peadar Ó Loideáin (Príomhoide).**

**Neil Wilson** ó thascfhórsa drugaí agus alcól an Iarthair ag obair le scoláirí na scoile. Bhí ceardlann chomh maith le tuismitheoirí na Scoile.



### Maidin Caife don Oispís

Grúpa scoláirí as Coláiste na bPiarsach ag bronnadh seic ar Oispís na Gaillimhe. Bailíodh **€728.32** ag maidin Caife a bhí sa scoil i mí Mheán Fòmhair.



### Cluichí comhoibríoch an "Ciúb".

### Scoláirí ag obair as lámh a chéile.



## Seachtain na hEolaíochta

Dochtúir na bhFeithidí sa scoil mar chuid de sheachtain na hEolaíochta. An- sheisiún eolais agus thaitin sé go mór lenàr scoláirí agus scoláirí na mbunscoileanna áitiúla a bhí linn ar an lá.

Chomh maith leis sin d'fhreastal cúigear scoláirí ón 4ú bliain ar an bhFéile Teicneolaíochta agus Eolaíochta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le tionscnaimh a rinne siad ar an bpirimid bia. Buíochas lena múinteoirí Eolaíochta **Marianne, Maryanne agus Bridie** a d'eagraigh na himeachtaí.





## *An Féile Teicneolaíochta & Eolaíochta*

*D'fhreastal* ***Lauren Ní Niaidh, Neasa Nic an Ríogh, Eveline Ní Niaidh, Cian Bairéad*** *agus mé féin ar an bhFéile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe. Bhí sé ar siúl in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhí dhá thionscadal againn a bhí bunaithe ar an bpirimid bia agus aistí bia difriúla. Bhí an ócáid thar a bheith suimiúil. Is í an múinteoir Tíos,* ***Marianne Ní Thuama*** *a bhí á stiúriú leis na tionscadail seo. Tá muid ag súil go mór le dul ag an BT Young Scientist tar éis na Nollag leis na tionscadail céanna.*

*Evelyn Ní Ghriallais, 4ú bliain*





## Ceardlann Giniúint Smaointe

Thug an **Dr. Keelin Leahy & Bernard Cahill** as Ollscoil Luimnigh cuairt ar an scoil le ceardlann giniúint smaointe a dhéanamh leis na scoláirí. D'úsaid siad an modh "Heuristics" atá an Dr. Leahy ag forbairt do scoláirí dara leibhéal. Is í Coláiste na bPiarsach an chéad scoil sa tír a rinne siad an ceardlann leo.






**Lá Eacnamaíocht Bhaile le bliain 1, 2 agus 3**

**Rang Tíos sa Bhialann Aniar le J.P. McMahon**







## Folláin

**Bliain 1 ag obair go crua sa pholathollán mar chuid den ábhar nua Folláin don Teastas Shóisireach.**

*Coláiste na bPiarsach, Ros Muc,*
*Fón: 091-574100*
*www.gairmscoilnabpiarsach.com*

*Ríomhphost: piarsach@gretb.ie*

*Eagarthóir: Bridie Uí Chonámha*